Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2026/355

19.2.2026

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/355 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 18 Feabhra 2026**

**lena ndéantar formheas na substainte gníomhaí pirimeatanail a athnuachan i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 79/117/CEE agus Treoir 91/414/CEE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Treoir 2006/74/CE ón gCoimisiún ([2]), cuimsíodh pirimeatanail mar shubstaint ghníomhach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE ([3]) ón gComhairle.

(2) Maidir leis na substaintí gníomhacha a chuimsítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE, meastar iad a bheith formheasta faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus liostaítear iad i gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún ([4]).

(3) Formheas na substainte gníomhaí pirimeatanail, mar a leagtar amach i gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011, rachaidh sé in éag an 30 Meitheamh 2026.

(4) Cuireadh iarratas faoi bhráid Phoblacht na Seice, an Ballstát is rapóirtéir, agus faoi bhráid na hOstaire, an Ballstát is comh-rapóirtéir, chun formheas na substainte gníomhaí pirimeatanail a athnuachan, i gcomhréir le hAirteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 ón gCoimisiún ([5]) agus laistigh den tréimhse ama dá bhforáiltear san Airteagal sin.

(5) Chuir na hiarratasóirí an sainchomhad athnuachana is gá faoi bhráid an Bhallstáit is rapóirtéir, an Bhallstáit is comhrapóirtéir, an Choimisiúin agus an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012. Chinn an Ballstát is rapóirtéir an t-iarratas a bheith inghlactha.

(6) D'ullmhaigh an Ballstát is rapóirtéir dréacht-tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan i gcomhairle leis an mBallstát is comhrapóirtéir agus chuir sé faoi bhráid an Údaráis agus an Choimisiúin í an 31 Lúnasa 2017. Sa dréacht-tuarascáil uaidh maidir le measúnú ar athnuachan, mhol an Ballstát is rapóirtéir go ndéanfaí an formheas maidir le pirimeatanail a athnuachan.

---

([1]) IO L 309, 24.11.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/1107/oj.

([2]) Treoir 2006/74/CE ón gCoimisiún an 21 Lúnasa 2006 lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle chun déchlórpróp-P, meatconasól, pirimeatanail agus tríchlóipir a chuimsiú mar shubstaintí gníomhacha (IO L 235, 30.8.2006, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2006/74/io).

([3]) Treoir 91/414/CEE ón gComhairle an 15 Iúil 1991 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh (IO L 230, 19.8.1991, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1991/414/oj).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún an 25 Bealtaine 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an liosta de shubstaintí gníomhacha formheasta (IO L 153, 11.6.2011, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2011/540/oj).

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 ón gCoimisiún an 18 Meán Fómhair 2012 lena leagtar amach na forálacha is gá chun an nós imeachta athnuachana um shubstaintí gníomhacha a chur chun feidhme, dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh (IO L 252, 19.9.2012, lch. 26, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2012/844/oj).

(7) Chuir an tÚdarás an sainchomhad achomair forlíontach ar fáil don phobal. Scaip an tÚdarás an dréacht-tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan ar na hiarratasóirí agus ar na Ballstáit freisin chun barúlacha a fháil uathu agus sheol sé comhairliúchán poiblí ina leith. Chuir an tÚdarás na barúlacha a fuarthas ar aghaidh chuig an gCoimisiún.

(8) An 16 Nollaig 2019, d'iarr an tÚdarás faisnéis bhreise ar na hiarratasóirí maidir le hairíonna suaiteora inchrínigh pirimeatanaile de bhun Airteagal 13(3a), an chéad fhomhír, de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012. Chuir na hiarratasóirí faisnéis isteach chun go mbeadh an tÚdarás in ann an measúnú a chur i gcrích i dtaobh an gcomhlíontar na critéir eolaíocha chun airíonna suaiteora inchrínigh a chinneadh a leagtar amach i bpointí 3.6.5 agus 3.8.2 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, mar a tugadh isteach le Rialachán (AE) 2018/605 ón gCoimisiún ([6]).

(9) I mí Mheán Fómhair 2022 rinne an Ballstát is rapóirtéir dréacht-tuarascáil cothrom le dáta maidir le measúnú ar athnuachan a chur ar fáil don Údarás, do na Ballstáit agus don Choimisiún. Sa tuarascáil sin, rinne an Ballstát is rapóirtéir breithniú ar an bhfaisnéis bhreise maidir leis na critéir chun airíonna suaiteora inchrínigh a shainaithint agus mhol sé formheas pirimeatanaile a athnuachan.

(10) An 3 Meán Fómhair 2024, chuir an tÚdarás an chonclúid ([7]) uaidh in iúl don Choimisiún inar léiríodh, agus na critéir formheasa a leagtar síos in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 á gcur san áireamh, gur féidir coinne a bheith leis go gcomhlíonfaidh táirgí cosanta plandaí ina bhfuil pirimeatanail na critéir formheasa dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.

(11) Chuir an Coimisiún tuarascáil athnuachana faoi bhráid an Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha an 1 Deireadh Fómhair 2025 mar aon le dréacht den Rialachán seo an 10 Nollaig 2025.

(12) D'iarr an Coimisiún ar na hiarratasóirí a mbarúlacha a chur isteach maidir le conclúid an Údaráis agus, i gcomhréir le hAirteagal 14(1), an tríú fomhír, de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012, maidir leis an tuarascáil athnuachana. Chuir na hiarratasóirí a mbarúlacha isteach, barúlacha a scrúdaíodh go cúramach agus a cuireadh san áireamh.

(13) Maidir le húsáid ionadaíoch amháin nó níos mó a bhaintear as táirge cosanta plandaí amháin ar a laghad agus ina bhfuil an tsubstaint ghníomhach pirimeatanail, suíodh gur comhlíonadh na critéir formheasa dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.

(14) Dá bhrí sin, is iomchuí formheas pirimeatanaile a athnuachan.

(15) I gcomhréir le hAirteagal 14(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, i gcomhar le hAirteagal 6 de, agus i bhfianaise an eolais eolaíoch theicniúil reatha agus i bhfianaise thoradh an mheasúnaithe riosca, is gá, áfach, foráil a dhéanamh maidir le coinníollacha agus srianta áirithe.

(16) Is iomchuí é, go háirithe, uasmhéideanna a leagan síos maidir le cianaimíd, anailín agus aicéitiolaicéatón arb eisíontais tocsaineolaíocha iad a d'fhéadfadh a bheith san ábhar teicniúil mar a mhonaraítear é chun a áirithiú nach n-eascróidh aon iarmhairt dhíobhálach ar shláinte an duine as an tsubstaint ghníomhach pirimeatanail a úsáidtear i dtáirgí cosantacha plandaí.

(17) Ar bhonn na dtorthaí ón measúnú riosca is gá freisin a iarraidh ar Bhallstáit aire ar leith a thabhairt do chosaint oibreoirí, daoine ar an láthair, cónaitheoirí, orgánaigh uisceacha, beacha agus pailneoirí nuair a thugtar faoi mheasúnuithe ar údarú na dtáirgí cosantacha plandaí ina bhfuil pirimeatanail. Déanfaidh Ballstáit úsáid trealaimh cosanta pearsanta chomh maith le bearta maolaithe riosca eile a fhorchur, nuair is iomchuí, chun neamhchosaint oibreoirí, daoine ar an láthair, cónaitheoirí, orgánach uisceach, beach agus pailneoirí a laghdú.

([6]) Rialachán (AE) 2018/605 ón gCoimisiún an 19 Aibreán 2018 lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 trí chritéir eolaíocha a leagan amach chun airíonna suaiteora inchrínigh a chinneadh (IO L 101, 20.4.2018, lch. 33, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/605/oj).

([7]) Conclúid maidir leis an athbhreithniú piaraí ar an measúnú riosca lotnaidicídí ar an tsubstaint ghníomhach pirimeatanail; (*EFSA Journal* [Iris EFSA] 2024;22:e8998, le fáil ar líne: https://doi.org/10.2903/j.efsa.2024.8998).

(18) Suíodh sainmhínithe sealadacha ar iarmhair chun measúnú a dhéanamh ar an riosca do thomhaltóirí maidir le tráchtearraí áirithe ar de bhunadh plandaí nó ainmhíoch iad, chomh maith le tráchtearraí próiseáilte áirithe eile, mar gheall ar bhearna eolais i ndáil le tocsaineacht meitibilítí i bpirimeatanail a d'fhéadfadh a bheith sna tráchtearraí sin: meitibilít M605F004 agus a comhchuingeacha agus meitibilít M605F007. Ba cheart do na hiarratasóirí tuilleadh faisnéise a chur ar fáil maidir le tocsaineacht na meitibilíte M605F004 lena n-áirítear a comhchuingeacha chomh maith le meitibilít M605F007 ionas gur féidir sainmhínithe sonracha ar iarmhair a shocrú i ndáil leis na tráchtearraí sin.

(19) Sa bhreis air sin, d'fhonn muinín sa chonclúid a mhéadú go bhfuil an mheitibilít U2 san ithir ag méid nach gcruthóidh gá lena sainaithint de réir na gceanglas sonraí le haghaidh substaintí gníomhacha ([8]), agus, mar sin, nach bhfuil gá le measúnú riosca ar an meitibilít U2 ina dhiaidh sin i ndáil le nochtadh don ithir, uisce dromchla, dríodar agus screamhuisce, ba cheart do na hiarratasóirí faisnéis deimhniúcháin maidir le díghrádú pirimeatanaile sna hithreacha a chur ar fáil.

(20) Mar fhocal scoir, i bhfianaise gur forbraíodh eolas teicniúil agus eolaíoch nua maidir leis an measúnú ar na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag próisis chóireáilte uisce ar iarmhair substaintí gníomhacha nó ag a meitibilítí in uisce astarraingthe chun uisce óil a tháirgeadh i rith an phróisis mheasúnuithe, eolas nach raibh ar fáil ag an am nuair a cuireadh isteach an comhad forlíontach faoi phirimeatanail, is é sin, Treoirdhoiciméad ([9]), ba cheart do na hiarratasóirí faisnéis deimhniúcháin a chur ar fáil maidir le tionchar na bpróiseas cóireáilte uisce ar iarmhair phirimeatanaile nó a meitibilítí agus a d'fhéadfadh a bheith in uisce astarraingthe d'fhonn uisce óil a tháirgeadh.

(21) Is iomchuí, dá bhrí sin, formheas pirimeatanaile a athnuachan faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo. Ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a leasú dá réir.

(22) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/99 ón gCoimisiún ([10]), cuireadh síneadh leis an tréimhse formheasa le haghaidh pirimeatanaile go dtí an 30 Meitheamh 2026 chun go bhféadfar an próiseas athnuachana a thabhairt chun críche sula dtéann tréimhse formheasa na substainte gníomhaí sin in éag. Ós rud é go ndearnadh cinneadh maidir leis an athnuachan roimh dhul in éag na tréimhse formheasa sin ar cuireadh síneadh léi, áfach, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo tráth is luaithe ná an dáta sin.

(23) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Formheas na substainte gníomhaí a athnuachan**

Déantar formheas na substainte gníomhaí pirimeatanail, mar a shonraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, a athnuachan, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

---

([8]) Féach pointe 7 1 1 i gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 283/2013 ón gCoimisiún an 1 Márta 2013 lena leagtar amach na ceanglais sonraí i ndáil le substaintí gníomhacha, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh (IO L 93, 3.4.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/283/oj).

([9]) ECHA agus EFSA (an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán agus an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia), Hofman-Caris, R., Dingemans, M., Reus, A., Shaikh, S. M., Munoz Sierra, J., Karges, U., aus der Beek, T., Nogueiro, E., Lythgo, C., Parra Morte, J. M., Bastaki, M., Serafimova, R., Friel, A., Court Marques, D., Uphoff, A., Bielska, L., Putzu, C., Ruggeri, L., agus Papadaki, P, 'Treoirdhoiciméad ar thionchar na bpróiseas cóireáilte uisce; ar iarmhair substaintí gníomhacha nó a meitibilítí in uisce astarraingthe d'fhonn uisce óil a tháirgeadh' (*EFSA Journal* [Iris EFSA] 2023;21(8),1-108, https://doi.org/10.2903/j.efsa.2023.8194).

([10]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/99 ón gCoimisiún an 21 Eanáir 2025 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le tréimhsí formheasa na substaintí gníomhacha *Aureobasidium pullulans* (tréithchineálacha DSM 14940 agus DSM 14941), *Bacillus amyloliquefaciens* fospeiceas *plantarum* D747, beanalacsail-M, ciopróidínil, déchlórpróp-P, foirmeiteanáit, foiseitil, halasulfúrón-meitil, iomasamocs, milbimeictin, feinmeideafam, pirimeacarb, *Pseudomonas* sp. tréithchineál DSMZ 13134, pirimeiteanail, pirióifeanón, piorocsulam, spíonasad, sulfar, *Trichoderma harzianum* Rifai tréithchineálacha T-22 agus ITEM 908, *Trichoderma asperellum* (ar a dtugtaí T. *harzianum* roimhe seo) tréithchineálacha ICC012, T-25 agus TV-1, *Trichoderma atroviride* (ar a dtugtaí T. *harzianum* roimhe seo) tréithchineál T11, *Trichoderma gamsii* (ar a dtugtaí T. *viride* roimhe seo) tréithchineál ICC080, tríthiaconasól agus sioram (IO L, 2025/99, 22.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/99/oj).

*Airteagal 2*

**Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011**

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 3*

***Teacht i bhfeidhm agus dáta cur i bhfeidhm***

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Aibreán 2026.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 18 Feabhra 2026.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN I*

| Gnáthainm, Uimhreacha Aitheantais | Ainm IUPAC | Íonacht ([1]) | Dáta formheasa | Dul in éag an fhormheasa | Forálacha sonracha |
|---|---|---|---|---|---|
| Pirimeatanail<br><br>Uimh. CAS: 53112-28-0<br><br>Uimh. CIPAC: 714 | N-(4,6-démheitilpirimidín-2-il) ainilín | ≥ 975 g/kg<br><br>Ní rachaidh na heisíontais seo a leanas thar na leibhéil seo a leanas san ábhar teicniúil:<br>— cianaimíd: 0.5 g/kg;<br>— anailín: 4 g/kg;<br>— aicéitiolaicéatón: 0.1 g/kg. | An 1 Bealtaine 2026 | An 30 Aibreán 2041 | Maidir le cur chun feidhme na bprionsabal aonfhoirmeach dá dtagraítear in Airteagal 29(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, cuirfear san áireamh conclúidí na tuarascála athnuachana ar phirimeatanail, agus go háirithe Foscríbhinní I agus II a ghabhann léi.<br><br>Sa mheasúnú foriomlán seo, tabharfaidh na Ballstáit aird ar leith ar na nithe seo a leanas:<br>— cosaint na n-oibreoirí, lena n-áirithítear, mar chuid de na coinníollacha úsáide, go mbaintear úsáid as trealamh cosanta pearsanta leordhóthanach;<br>— cosaint daoine ar an láthair agus cónaitheoirí, lena n-áirithítear go gcuirtear i bhfeidhm bearta chun cáitheadh a mhaolú nuair is gá;<br>— orgánaigh uisceacha, beacha agus pailneoirí eile a chosaint.<br><br>Cuimseofar bearta maolaithe riosca sna coinníollacha úsáide i gcás inarb iomchuí.<br><br>Cuirfidh an t-iarratasóir isteach faisnéis deimhniúcháin a mhéid a bhaineann leis seo a leanas:<br>(1) tocsaineacht na meitibilíte M605F004, lena n-áirítear a comhchuingeacha, agus na meitibilíte M605F007 chun na sainmhínithe ábhartha ar iarmhair a chinntiú don mheasúnú riosca;<br>(2) tionchar próiseas cóireáilte uisce ar iarmhair phirimeatanaile, nó a meitibilítí a bhíonn in uisce astarraingthe d'fhonn uisce óil a tháirgeadh, i gcomhréir leis an Treoirdhoiciméad ó EFSA agus ECHA maidir le tionchar na bpróiseas cóireáilte uisce ar iarmhair substaintí gníomhacha nó a meitibilítí san uisce astarraingthe d'fhonn uisce óil a tháirgeadh; |

| Gnáthainm, Uimhreacha Aitheantais | Ainm IUPAC | Íonacht ([1]) | Dáta formheasa | Dul in éag an fhormheasa | Forálacha sonracha |
| --- | --- | --- | --- | --- | --- |
| | | | | | (3) díghrádú pirimeatanaile san ithir lena n-áirítear, nuair is ábhartha, sainaithint agus saintréithriú meitibilítí. Má léiríonn an fhaisnéis ábharthacht na meitibilíte U2, déanfar measúnú riosca ar nochtadh don mheitibilít U2 maidir leis an ithir, uisce dromchla, dríodar agus screamhuisce a chur ar fáil.<br>Cuirfidh an t-iarratasóir an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointí 1, 2 agus 3 thuas faoi bhráid an Choimisiúin, na mBallstát agus an Údaráis faoin 11 Márta 2028. |

([1]) Sa tuarascáil athnuachana soláthraítear mionsonraí breise maidir le haitheantas agus sonraíocht na substainte gníomhaí.

*IARSCRÍBHINN II*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 mar a leanas:

(1) i gCuid A, scriostar iontráil 135 maidir le pirimeatanail;

(2) i gCuid B, cuirtear isteach an iontráil seo a leanas:

| Uimhir | Gnáthainm, Uimhreacha Aitheantais | Ainm IUPAC | Íonacht (1) | Dáta formheasa | Dul in éag an fhormheasa | Forálacha sonracha |
|---|---|---|---|---|---|---|
| '179 | Pirimeatanail<br>Uimh. CAS: 53112-28-0<br>Uimh. CIPAC: 714 | N-(4,6-démheitilpirimidín-2-il) ainilín | ≥ 975 g/kg<br>Ní rachaidh na heisíontais seo a leanas thar na leibhéil seo a leanas san ábhar teicniúil:<br>— cianaimíd: 0.5 g/kg;<br>— anailín: 4 g/kg;<br>— aicéitiolaicéat-ón: 0.1 g/kg. | An 1 Bealtaine 2026 | An 30 Aibreán 2041 | Maidir le cur chun feidhme na bprionsabal aonfhoirmeach dá dtagraítear in Airteagal 29(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, cuirfear san áireamh conclúidí na tuarascála athnuachana ar phirimeatanail, agus go háirithe Foscríbhinní I agus II a ghabhann léi.<br>Sa mheasúnú foriomlán seo, tabharfaidh na Ballstáit aird ar leith ar na nithe seo a leanas:<br>— cosaint na n-oibreoirí, lena n-áirithítear, mar chuid de na coinníollacha úsáide, go mbaintear úsáid as trealamh cosanta pearsanta leordhóthanach;<br>— cosaint daoine ar an láthair agus cónaitheoirí, lena n-áirithítear go gcuirtear i bhfeidhm bearta chun cáitheadh a mhaolú nuair is gá;<br>— orgánaigh uisceacha, beacha agus pailneoirí eile a chosaint.<br>Cuimseofar bearta maolaithe riosca sna coinníollacha úsáide i gcás inarb iomchuí.<br>Cuirfidh an t-iarratasóir isteach faisnéis deimhniúcháin a mhéid a bhaineann leis seo a leanas:<br>(1) tocsaineacht na meitibilíte M605F004, lena n-áirítear a comhchuingeacha, agus na meitibilíte M605F007 chun na ((sainmhínithe ábhartha ar iarmhair a chinntiú don mheasúnú riosca;<br>(2) tionchar próiseas cóireáilte uisce ar iarmhair phirimeatanaile, nó a meitibilítí a bhíonn in uisce astarraingthe d'fhonn uisce óil a tháirgeadh, i gcomhréir leis an Treoirdhoiciméad ó EFSA agus ECHA maidir le tionchar na bpróiseas cóireáilte uisce ar iarmhair substaintí gníomhacha nó a meitibilítí san uisce astarraingthe d'fhonn uisce óil a tháirgeadh; |

| Uimhir | Gnáthainm, Uimhreacha Aitheantais | Ainm IUPAC | Íonacht ([1]) | Dáta formheasa | Dul in éag an fhormheasa | Forálacha sonracha |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | (3) díghrádú pirimeatanaile san ithir lena n-áirítear, nuair is ábhartha, sainaithint agus saintréithriú meitibilítí. Má léiríonn an fhaisnéis ábharthacht na meitibilíte U2, déanfar measúnú riosca ar nochtadh don mheitibilít U2 a chur ar fáil maidir leis an ithir, uisce dromchla, dríodar agus screamhuisce.<br><br>Cuirfidh an t-iarratasóir an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointí 1, 2 agus 3 thuas faoi bhráid an Choimisiúin, na mBallstát agus an Údaráis faoin 11 Márta 2028.’ |

([1]) Sa tuarascáil athnuachana soláthraítear mionsonraí breise maidir le haitheantas agus sonraíocht na substainte gníomhaí.